TIONCHAIR AGUS TRUAILLIÚ

Gníomhaíocht TT06

Téama
Taispeántas (T) agus Gníomhaíocht ranga (GR). Smaoineoidh na daltaí ar uisce mar acmhainn nádúrtha atá riachtanach agus déanfaidh siad imscrúdú ar conas a úsáidimid uisce agus ar mhodhanna le huisce a íonghlanadh.

Cuspóir
Ag smaoineamh ar uisce glan mar tháirge luachmhar, tuiscint a fháil ar an méid uisce a úsáidimid agus cad a thógann sé leis an acmhainn sin a chur ar fáil.

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht – Feasacht agus cúram imshaoil

OSIE, Eolaíocht – Ábhair, ag measadh agus athruithe eile

Scileanna
Ag ceistiú, ag breathnú, ag tuar, ag iniúchadh, ag meas agus ag anailísiú

Am
20 nóiméad ag cur i láthair; 30 nóiméad ag iniúchadh

Nascadh le Scoileanna Glasa
Conas a úsáidtear uisce sa scoil, bealaí le huisce a shábháil

Uisce glan fuar

AG INIÚCHADH BEALAÍ LE HUISCE A ÍONGHLANADH

CAD A THEASTÓIDH UAIT

- Léaráid ar an timthriall uisce (féach thíos)
- 3 thonnadóir
- Seacht mbuidéal plaisteacha 1 lítear
- Ithir nó glár
- Páipéar scagtha caifé
- Gairbhéal
- Sean stocaí níolóin nó sean popsac
- Buidéil phlaisteacha 0.75 lítear

CAD A DHÉANFAIDH TÚ

1 Cuir an focal 'uisce' ar an gclár agus cuir ciorcal timpeall air. Iarr ar na daltaí a fhógairt amach cad air a smaoiníonn siad nuair a chloiseann siad an focal 'uisce'. Cad iad cuid de na rudaí a n-úsáidimid uisce lena n-aghaidh?

2 Tabhair amach an léaráid atá faoi iamh do gach dalta agus téigh tríd an timthriall leis an rang.

3 D'fhéadfadh gach dalta sa rang dialann uisce a choinneáil ar feadh lá amháin, agus gach uair a chuireann siad an sconna ar siúl, a dtarraingíonn siad an t-uisce sa leithreas agus a níonn siad soitheach a chlárú (nó a gcasann siad an miasniteoir ar siúl). D'fhéadfaidís scrúdú a dhéanamh ar cibé an bhféadfaí níos lú uisce a úsáid i gcás na ngníomhaíochtaí céanna.

4 Sula dtagann an t-uisce chomh fada le sconnaí déantar scagadh air agus cóirítear é le ceimicí chun baictéar a bhfuil dochar ann a bhaint as.

ar leanúint →

TIONCHAIR AGUS TRUAILLIÚ

Gníomhaíocht TT06

ar leanúint →

5 Déanfaidh na daltaí iniúchadh ar scagairí uisce. Is féidir rudaí difriúla a úsáid mar scagairí. Sa turgnamh seo úsáidfear scagaire caifé, stocaí níolóin agus roinnt gairbhéil agus cuirfear na torthaí i gcomparáid lena chéile.

6 Roinn an rang i dtrí ghrúpa agus tabhair ceann de na scagairí do gach grúpa le tástáil a dhéanamh orthu.

7 Gearr an barr de thrí bhuidéal phlaisteacha 1 lítear. Cuir tonnadóir i ngach buidéal (d'fhéadfaí barr an bhuidéil a úsáid mar thonnadóir). Cuir an scagaire páipéir isteach sa tonnadóir. Má bhíonn tú ag úsáid seanstocaí níolóin, gearr ceann de na cosa thart ar 15cm ón mbonn. Cuir an stoca nó an popsac isteach sa tonnadóir agus lúb barr an stoca thar imeall an tonnadóra (fáisc é le banda leaisteach, más gá). Ag brath ar mhéid an tonnadóra agus an ghairbhéil, b'fhéidir go mbeadh ort cúpla cloch níos mó a úsáid i dtóin an tonnadóra leis an ngairbhéal a choinneáil thíos ann.

8 Ullmhaigh an t-uisce a bheidh le scagadh trí bheagán ithreach nó gláir a mheascadh i ngabhdán mór uisce. Dóirt beagán de sin isteach i ngach ceann de na trí bhuidéal plaisteacha a bheidh fágtha. Tabhair buidéal amháin do gach grúpa, agus coinnigh an ceathrú ceann chun iad a chur i gcomparáid lena chéile.

9 Abair le gach grúpa a sampla a dhóirteadh síos sa scagaire agus tóg síos an t-achar a ghlacann sé ar an uisce dul tríd.

10 Cuir i gcomparáid an t-uisce a bailíodh sna buidéil phlaisteacha faoi na scagairí leis an sampla d'uisce nach bhfuil scagtha.

Ceisteanna

1 Cé acu scagaire a tháirg an t-uisce is glaine?

2 Cé acu scagaire is tapúla a bhí ó thaobh an uisce a scagadh?

3 An mbeadh na scagairí seo ábalta mhion-bhaictéar a bhaint as an uisce?

Ar aghaidh leat

1 D'fhéadfadh daltaí an turgnamh a dhéanamh arís ag baint úsáide as samplaí uisce ó loch nó ó abhainn in aice láimhe.

TIONCHAIR AGUS TRUAILLIÚ

Gníomhaíocht TT06

ar leanúint →

AN TIMTHRIALL UISCE

1. Scalann an ghrian ar an bhfarraige.Téann sí an t-uisce agus mar gheall air sin athraíonn an t-uisce ina ghaluicse, mar ghal agus éiríonn san aer.

2. Nuair a shroicheann galuisce an spéir athraíonn sé ina scamaill. Bíonn cruthanna difriúla ar na scamaill sin.

3. Téann na scamaill trasna na spéire. Nuair a shroicheann siad an talamh, bíonn an t-aer ró-fhuar leis an uisce a choinneáil agus titeann sé mar bháisteach.

4. Titeann an bháisteach ar an talamh, ar chrainn agus ar aibhneacha. Bíonn taiscumair ag roinnt aibhneacha leis an uisce a bhailiú.

5. Cuirtear an t-uisce ón taiscumar isteach ina gcuid tithe le caidéal áit a n-úsáidimid an t-uisce.



6. Téann uisce a bhíonn úsáidte isteach sa séarach. Glantar an t-uisce i go leor áiteanna agus cuirtear amach san fharraige ansin é i gcaidéal.

7. Má bhíonn a lán séaracht san fharraige níl sé éasca don timthriall uisce an t-uisce a ghlanadh